



**Treoir i ndáil le Beartas maidir le Rialú
Ionfhabhtaithe Seirbhísí Réamhscoile agus
Aoise Scoile**

Clár Ábhair

1.0	Cuspóir.....	3
2.0	Bunriachtanais bheartais.....	4
	Ceanglas 2	5
	Ceanglas 3	6
	Ceanglas 4	6
	Ceanglas 5 – <i>Seirbhísí réamhscoile amháin</i>	7
3.0	Dea-chleachtas i dtaca le Beartas Rialaithe Ionfhabhtaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme.....	8
4.0	Aguisíní.....	9
	4.1 Aguisín 1 – Faisnéis Tacaíochta.....	9
	4.2 Aguisín 2 – Nós Imeachta Samplach um Athrú Clúidíní (Bunaithe ar Threoirlínte an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte/FSS).....	10

1.0 Cuspóir

Is é cuspóir na cáipéise seo na riachtanais rialála maidir leis an bpolasaí sonracha um Rialú Ionfhabhtaithe a chur ar fáil do sheirbhísí luathbhlianta (aois réamhscoile agus scoile). Tá na riachtanais seo mar a leagtar amach san [Acht um Chúram Leanaí \(1991\) Rialacháin Seirbhíse Luathbhlianta \(2016\)](#) agus san [Acht um Chúram Leanaí \(1991\) Clárú Seirbhísí Aois Scoile \(2018\)](#). Leagtar amach sa doiciméad seo na buncheanglais rialála don bheartas seo chomh maith le leideanna agus breithnithe a thacóidh le soláthraithe cláraithe chun a chinntiú go bhfuil a mbeartas agus a nósanna imeachta forbartha go hiomlán agus go léirítear iad sna cleachtais ina seirbhís.

Ba cheart an fhaisnéis sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm maidir leis an mbeartas sonracha ar Rialú Ionfhabhtaithe agus ar nósanna imeachta tionlacain na seirbhíse luathbhlianta. Ba cheart an cháipéis seo a léamh i gcomhar leis an [Treoir Phraiticiúil maidir le Beartais, Nósanna Imeachta agus Ráitis a Fhorbairt i Seirbhísí Luathbhlianta](#).

Nóta: Tá an beartas seo riachtanach do sheirbhísí réamhscoile agus d'aois scoile araon. Sa cháipéis seo cuirfear cúinsí beartais ar fáil don léitheoir maidir lena gcineál seirbhíse, na leanaí, daoine óga agus baill foirne laistigh di. Mura sonraítear é, baineann na cúinsí beartais sa cháipéis seo le seirbhísí réamhscoile agus d'aois scoile araon.

Le haghaidh tagartha amháin atá an cháipéis seo. Níor cheart glacadh leis go bhfuil an treoir a chuirtear ar fáil cuimsitheach nó go dtugtar léi freagra cinntitheach i ngach cás.

Tá tuilleadh acmhainní ar fáil in [Aquisín 1](#).

Ceanglais Rialála

Seirbhís réamhscoile

Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí (1991) um Sheirbhís Luathbhlianta (2016), Sceideal 5. 1 (d)

Ciallaíonn beartas maidir le rialú ionfhabhtaithe, maidir le seirbhís réamhscoile, beartas ina sonraítear an nós imeachta atá le leanúint sa tseirbhís chun daoine sa tseirbhís agus leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint, ó tharchur ionfhabhtuithe

Seirbhís d'aois scoile

Na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí (1991) um Chlárú Seirbhísí Aois Scoile (2018), Sceideal 6. 1 (c)

Beartas ina sonraítear an nós imeachta atá le leanúint sa tseirbhís chun daoine atá ag obair sa tseirbhís agus leanaí ar aois scoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint ó tharchur ionfhabhtuithe.

2.0 Bunriachtanais bheartais

Moltar Ráiteas Beartais don bheartas seo in éineacht leis na bunriachtanais mar a leagtar amach tuilleadh sa cháipéis seo. Deimhnítear sa ráiteas beartais go bhfuil sé mar aidhm ag an tseirbhís timpeallacht a sholáthar ina gcosnaítear leanaí, daoine óga agus daoine fásta, trí bhearta a dhéanamh chun na rioscaí ionfhabhtaithe a íoslaghdú.

Ba cheart a shoiléiriú sa ráiteas beartais freisin go seasann an tseirbhís lena freagrachtaí reachtacha agus rialála a bhaineann le rialú ionfhabhtaithe sa tseirbhís agus go gcuirtear na treoirlínte ábhartha uile dea-chleachtais chun feidhme sa tseirbhís.

Ceanglas 1

Leagtar amach sa bheartas an cleachtas sláinteachais láimhe agus sláinteachais riospráide agus nósanna imeachta don fhoireann agus do leanaí.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

Sonraítear an méid a leanas sa bheartas:

- Na cleachtais agus na nósanna imeachta sláinteachais láimhe don fhoireann agus do leanaí, lena n-áirítear rochtain ar uisce te a rialaítear go teirmeastatach agus dáileoirí gallúnach leachta/cúr/ díghalráin láimhe.
- Na bearta atá le déanamh chun a chinntiú go dtuigeann baill foirne bainistiú tinnis riospráide agus in-tarchurtha/ionfhabhtaíoch sa tseirbhís, agus go bhfuil nósanna imeachta sláinteachais riospráide i bhfeidhm agus curtha chun feidhme.
- Na bearta atá le déanamh chun a chinntiú go dtuigeann an fhoireann bainistiú ráigeanna de ghalair thógálacha, agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm agus curtha chun feidhme.

Ceanglas 2

Leagtar amach sa bheartas bearta sonracha chun traséilliú a chosc; rialú ionfhabhtaithe agus ráigeanna de ghalair thógálacha a bhainistiú.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

(a) Bearta chun traséilliú agus rialú ionfhabhtaithe a chosc. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Na bearta comhshaoil atá i bhfeidhm sa tseirbhís chun traséilliú agus leathadh an ionfhabhtaithe a laghdú, lena n-áirítear sláinteachas ginearálta, glanadh (ina sonraítear minicíocht, ítimí agus modh an ghlantacháin) agus más gá, níochán chun éadaí leapa, agus ítimí fabraice amhail cúisíní, a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
- Bainistiú éanlaithe, ainmhithe, agus éisc agus ainmhithe eile a bhfuil rochtain ag leanaí orthu, de réir mar is cuí.
- Na bearta a rinneadh chun nochtadh do dhoirteadh fola agus/nó sreabhán coirp a chosc agus a bhainistiú, chun úsáid chuí Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a áireamh.
- Nósanna imeachta aeraithe.
- Bearta chun cosaint a thabhairt ó éilleáin chomhshaoil chun creimirí agus bruscar a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
- Bearta bainistithe agus diúscartha dramhaíola.
- Taifid a thugtar chun críche laistigh den tseirbhís, lena n-áirítear sceidil ghlantacháin, agus nósanna imeachta coimeádta taifead atá i bhfeidhm.
- Aon bheart sonracha eile a éilítear sa tseirbhís (e.g. má oibríonn an tseirbhís lasmuigh).
- Conas a dhéanann an tseirbhís cumarsáid agus conas a chuireann an tseirbhís in iúl do thuismitheoirí nó caomhnóirí, leanaí, baill foirne agus daoine eile a bhfuil baint acu le seirbhís an bheartais rialaithe ionfhabhtaithe.

(b) Bearta sonracha maidir le ráigeanna de ghalair thógálacha a bhainistiú. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh leo sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin:

- Na bearta atá le déanamh chun a chinntiú go dtuigeann an fhoireann bainistiú ráigeanna de ghalair thógálacha, agus go gcuirtear nósanna imeachta chun feidhme.
- Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun taifid imdhíonta a dhoiciméadú go hiomlán do leanaí atá ag freastal, lena n-áirítear foráil don fhaisnéis sin a bhailiú ar an bhfoirm rollaithe.
- Tá gá le nósanna imeachta chun taifid imdhíonta a nuashonrú (nuair is cuí).
- Sonraí faoi na nósanna imeachta atá le leanúint nuair a aithníonn tuismitheoirí go bhfuil leanbh neamhvacsaínithe le haghaidh galair thógálacha ar leith amhail an Bhruitíneach.

Ceanglas 4

Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta maidir le heisiamh ón tseirbhís mar gheall ar bhreoiteacht.

Leideanna agus breithnithe (ní liosta uileghabhálach é seo):

Sonraítear an méid a leanas sa bheartas:

- (a) Na bearta atá i bhfeidhm maidir le bia somheata a ullmhú, a stóráil agus a riar go sábháilte.
- (b) Go stóráiltear bia somheatai gcuisneoir ag teochtaí idir 0 - 5°C nuair nach bhfuil siad á dtabhairt do leanaí nó á n-iompar chuig an tseirbhís agus uaithi.

Seirbhísí réamhscoile

Ba chóir do sheirbhísí réamhscoile machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Na nósanna imeachta chun galair thógálacha infhógartha a thuairisciú do Tusla.
- Beidh bréagáin, trealamh, soithigh, buidéil (nuair is gá) san áireamh i nósanna imeachta steirilithe,
- Nósanna imeachta glantacháin agus díghalraithe chun mataí codlata, tochtanna agus leapacha urláir a chur san áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
- Bearta rialaithe ionfhabhtaithe a bheidh le déanamh le linn turais.

Seirbhísí d'aois scoile

Ba chóir do sheirbhísí réamhscoile machnamh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Na bearta chun a chinntiú nach ndéanfar míreanna pearsanta ar nós snas béil, balsam béil, buidéil uisce agus scuaba gruaige a roinnt.
- Na bearta chun boscaí bruscair oiriúnacha a chur ar fáil do chailíní chun táirgí cosanta sláintíochta a dhiúscairt de réir mar is gá.

Ceanglas 3

Leagtar amach sa bheartas na nósanna imeachta maidir le heisiamh ón tseirbhís mar gheall ar bhreoiteacht.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a) Na tréimhsí eisiaimh do ghalair thógálacha mar a leagtar amach sa [treoir Sláinte Poiblí](#).
- (b) Sonraí faoi na nósanna imeachta atá le leanúint chun leanaí nach bhfuil vacsaínithe le haghaidh galair thógálacha ar leith amhail an Bhruitíneach a chosaint, dá mbeadh ráig den ghalar tógálach sin sa tseirbhís. Sna cúinsí sin, ba cheart comhairle Sláinte Poiblí a lorg agus a chur chun feidhme i gcónaí.
- (c) An bealach ina roinntear faisnéis faoi thréimhsí eisiaimh le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Ceanglas 5 – Seirbhísí réamhscoile amháin

Sonraítear ann na bearta rialaithe ionfhabhtaithe le haghaidh nósanna imeachta athraithe clúidíní agus i dtaca le húsáid leithris atá le leanúint sa tseirbhís.

Ní mór na sonraí seo a shonrú sa pholasaí. (Ní liosta iomlán é seo):

- (a)** Na bearta le haghaidh nósanna imeachta athraithe clúidíní agus i dtaca le húsáid leithris atá le leanúint sa tseirbhís. Tá siad sin mionsonraithe agus ar taispeáint go soiléir i limistéir sláintíochta. Féach [Aguisín 2](#) le haghaidh nós imeachta samplach.
- (b)** Na bearta a rinneadh chun nochtadh do dhoirteadh fola agus/nó sreabhán coirp a chosc agus a bhainistiú, chun úsáid chuí Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a áireamh.
- (c)** Nach gceadaítear/nach stóráiltear bréagáin agus trealamh súgartha sa limistéar sláintíochta.
- (d)** Go gcoinnítear na taifid, ar chóir go n-áireofaí iontu sceidil athraithe clúidíní agus sceidil glantacháin.
- (e)** Na nósanna imeachta glantacháin agus díghalraithe chun trealamh agus áiseanna sláintíochta a áireamh ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.
- (f)** Bearta rialaithe ionfhabhtaithe atá le déanamh le linn turais (lena n-áirítear athrú clúidíní/úsáid leithris).
- (g)** Bearta bainistithe agus diúscartha dramhaíola.

3.0 Dea-chleachtas i dtaca le Beartas Rialaithe Ionfhabhtaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Chomh maith leis na ceanglais rialála don bheartas seo mar a leagtar amach sa cháipéis seo, is féidir le soláthraithe seirbhíse cáilíocht an chleachtais a fheabhsú i gcur chun feidhme an bheartais rialaithe ionfhabhtaithe sa tseirbhís. Sa chuid seo, tugtar breac-chuntas ar dhea-chleachtas sa réimse beartais seo agus déantar tuilleadh eolais a threorú nuair atá sé ar fáil.

- Ba cheart go mbeadh [treoir an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte](#) mar bhonn agus taca ag an mbeartas maidir le rialú ionfhabhtaithe.
- Ba cheart go mbeadh oiliúint agus ath-rannpháirtíocht rialta ann leis an mbeartas. D'fhéadfadh sé a bheith ar an mbeartas iomlán, nó ar ghnéithe ar leith de chleachtais mar shampla, níochán lámh. D'fhéadfaí dul i ngleic leis an mbeartas a phleanáil agus/nó tarlú ag amanna éagsúla den bhliain, mar shampla míonna an gheimhridh nuair a bhíonn méadú ar chásanna de víreas riospráide agus ar thinnis ghastraistéigeacha.
- Smaoinigh ar thaispeántais amhairc ar na nósanna imeachta. Leis sin cuirfear seo faisnéis inrochtana ar fáil do bhaill foirne, do thuismitheoirí, do dhaoine óga agus do leanaí. mar shampla, sceidil vacsaínithe, teicnící níocháin lámh, nósanna imeachta athraithe clúdíní.
- Ba cheart earraí pearsanta a bhaineann le leanaí agus daoine óga a lipéadú go soiléir mar shampla, cíora, scuaba, scuaba fiacla, buidéil uisce agus uachtair.
- Ní mór do mataí athraithe a bheith uiscédhíonach, clúdach atá éasca a ghlanadh a bheith acu agus a bheith i riocht maith deisiúcháin – is é sin, gan a bheith stróicthe ná sractha.
- Ba chóir athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fhoirmeacha rollaithe leanaí agus ar aon fhaisnéis eile a bhaineann leis an leanbh lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis go léir cothrom le dáta, lena n-áirítear sonraí maidir le vacsaínithe.
- Má tá sonraí maidir le vacsaínithe foirne ag an tseirbhís, breithnítear é sin sa bheartas.
- Maidir le seirbhísí aois scoile, ba chóir don bheartas machnamh a dhéanamh ar an nós imeachta atá i bhfeidhm sa chás go n-éiríonn leanbh tinn agus é/í ag freastal ar ghníomhaíocht seach-churaclaim.

4.0 Aguisíní

4.1 Aguisín 1 – Faisnéis Tacaíochta

- Barnardos; [Teagmhais Chriticiúla i Seirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim agus Cúraim Leanaí in Aois Scoile](#)
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; [Eolas](#)
- Lárionad Faire um Chosaint Sláinte; [Peataí agus ainmhithe eile](#)
- Lárionad Faire um Chosaint Sláinte; [Galair Thógálacha a Bhainistiú in Áiseanna Cúraim Leanaí](#)
- Lárionad Faire um Chosaint Sláinte; [Galair Thógálacha a Bhainistiú i Scoileanna](#)
- FSS; [Liosta na nGalar Infhógartha](#)
- FSS; [An Clár Náisiúnta um Óige Shláintiúil](#)
- FSS; [An Oifig Náisiúnta Imdhíonta](#)
- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann; [Eolas](#)
- Bia Sábháilte; [Bia a Stóráil go Sábháilte](#)

4.2 Aguisín 2 – Nós Imeachta Samplach um Athrú Clúidíní (Bunaithe ar Threoirlínte an Lárionaid Faire um Chosaint Sláinte/FSS)

- Nigh do lámha.
- Cuir páipéar líneála ar an tábla athraithe.
- Bain úsáid as péire nua lámhainní indiúscartha agus naprún nua le haghaidh athrú clúidín gach linbh.
- Bain clúidín indiúscartha an linbh de agus cuir é i [mbosca bruscair a osclaítear leis an gcos, atá líneáilte, a bhfuil claibín air agus atá sceithdhíonach](#), inséalaithe agus éasca le glanadh. Cuir na clúidíní neamh-indiúscartha i mála dubailte agus déan iad stóráil go cuí go dtí go mbainfear den tseirbhís iad.
- Bain den leanbh aon éadach atá salach agus cuir i mála é.
- Glan tóin an linbh agus cuir clúidín glan air. Má tá uachtair, púdair nó lóiseanna á n-úsáid agat, cinntigh go bhfuil siad lipéadaithe go soiléir agus nach bhfuil siad roinnte idir leanaí.
- Bain an páipéar de agus cuir é i mbosca bruscair a osclaítear leis an gcos, atá líneáilte, a bhfuil claibín air agus atá sceithdhíonach, inséalaithe agus éasca le glanadh.
- Bain lámhainní indiúscartha trína scamhadh siar ó chaol na láimhe, agus iad á gcasadh taobh tuathail amach ar an gcaoi sin. Cuir na lámhainní agus an naprún sa bhosca bruscair cuí agus nigh do lámha.
- Cuir a chuid éadaí ar ais ar an leanbh.
- Nigh agus triomaigh lámha an linbh.
- Tóg an leanbh ar shiúl ón tábla athraithe.
- Glan an tábla athraithe le díghalrán, sruthlaigh é le huisce te agus triomaigh é tar éis gach úsáide.
- Nigh do lámha.

Tagairt QMS	EYI-GDE12.32
Leagan	V2.0
Dáta	12/12/2025